# Novak Djokovic agus an vacsaín

**Ceist 1** Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin imreoir leadóige agus an chonspóid mar gheall ar a víosa. Sula bhféachfaidh tú ar an mír, pléigh tú féin agus an duine in aice leat an méid atá ar eolas agaibh faoin scéal seo.




**Ceist 2** Sula bhféachfaidh tú ar an mír, an féidir leat na focail agus na frásaí ar chlé a mheaitseáil leis na focail agus na frásaí ar dheis?

| | |
|---|---|
| 1. Aire Inimirce | a) *pondering, thinking* |
| 2. i mbun machnaimh | b) *ranked* |
| 3. achomharc | c) *a turn in Djokovic's story* |
| 4. casadh eile i scéal Djokovic | *d) Australian Open* |
| 5. éisteacht chúirte | e) *the judge* |
| 6. díolúine leighis | f) *Minister for Immigration* |
| 7. an breitheamh | g) *a medical exemption* |
| 8. rangaithe | h) *appeal* |
| 9. Teach na Cúirte | *i) the Court House* |
| 10. Craobhchomórtas Oscailte na hAstráile | j) *a court hearing* |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | | |

Cad a bhí ag an duine in aice leat?

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

**Ceist 3** Freagair na ceisteanna:

1. Cén fáth a bhfuil an tAire Inimirce i mbun machnaimh?

2. Cén fáth a ndearna Djokovic achomharc in aghaidh chinneadh údaráis na hAstráile?

3. Cén fáth a raibh na sluaite bailithe taobh amuigh den óstán ina raibh Djokovic? Agus cén fáth a raibh sé san óstán sin?

4. Cén fáth a raibh iontas ar an réalta leadóige é féin nuair a baineadh an víosa de?

5. Cén t-eolas a tugadh do na húdaráis faoi Novak Djokovic sula ndeachaigh sé go dtí an Astráil?

6. Cén fáth a raibh lucht tacaíochta na réalta ag ceiliúradh taobh amuigh dá óstán?

7. Cad a rinne Novak Djokovic nuair a scaoileadh saor ón óstán é agus cad a dúirt sé?

**Ceist 4** An séimhiú

Tá sé shéimhiú in easnamh sa sliocht thíos den script. An féidir leat iad a aimsiú?

Cúrsaí leadóige ar dtús agus tá Aire Inimirce na hAstráile i mbun machnaimh faoi láthair faoinar cheart víosa Novak Djokovic a cur ar ceal arís, víosa a ceadaíodh dó roimhe seo. D'éirigh leis an réalta leadóige in achomharc cúirte a rinne sé in aghaidh cinneadh na n-údarás cead isteach san Astráil a diúltú dó.

Bhí casadh eile i scéal Novak Djokovic inniu. Fiú sular tosaigh éisteacht cúirte na réalta leadóige in Melbourne, bhí na sluaite bailithe taobh amuigh den óstán ina raibh Djokovic coinnithe i gcoraintín le roinnt laethanta anuas. Bhí an Seirbiach den tuairim go raibh na páipéir cuí aige agus díolúine leighis faighte aige ó Rialtas na hAstráile, is é sin, go mbeadh vacsaín ag teastáil le dul isteach sa tír.

**Ceist 5** *'… d'éirigh leis …'* agus *'… a dhiúltú dó …'*

Tá a lán frásaí sa Ghaeilge a bhfuil forainmneacha réamhfhoclacha mar chuid díobh.

Cuir na cinn seo thíos in abairtí anois lena mbrí a léiriú:

- teip ar
- eagla ar (roimh)
- fearg ar
- bain geit as
- taitin le
- buíoch de

**Ceist 6** Pléigh an cheist seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa.

Ar cheart nó nár cheart víosa a thabhairt do Novak Djokovic? Cén fáth?

**Treoracha agus Freagraí**

**Ceist 1**

Plé atá i gceist leis an gceist seo.

**Ceist 2**

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| f | a | h | c | j | g | e | b | i | d |

**Ceist 3**

Féach an script.

**Ceist 4**

Cúrsaí leadóige ar dtús agus tá Aire Inimirce na hAstráile i mbun machnaimh faoi láthair faoinar cheart víosa Novak Djokovic a c**h**ur ar ceal arís, víosa a ceadaíodh dó roimhe seo. D'éirigh leis an réalta leadóige in achomharc cúirte a rinne sé in aghaidh c**h**inneadh na n-údarás cead isteach san Astráil a d**h**iúltú dó.

Bhí casadh eile i scéal Novak Djokovic inniu. Fiú sular t**h**osaigh éisteacht c**h**úirte na réalta leadóige in Melbourne, bhí na sluaite bailithe taobh amuigh den óstán ina raibh Djokovic coinnithe i gcoraintín le roinnt laethanta anuas. Bhí an Seirbiach den tuairim go raibh na páipéir c**h**uí aige agus díolúine leighis faighte aige ó Rialtas na hAstráile, is é sin, go mbeadh vacsaín ag teastáil le dul isteach sa tír.

**Ceist 5**

teip ar – *fail*: Theip orm sa scrúdú.
eagla ar (roimh) – *afraid of*: Tá eagla air roimh an madra.
fearg ar – *angry*: Bhí fearg air nuair a chuala sé an scéal.
bain geit as – *startle*: Bhain an madra geit as.
taitin le – *like*: Ní thaitníonn feoil liom.
buíoch de – *grateful to (someone)*: Tá mé buíoch díbh.

**Ceist 6**

Is féidir gach grúpa a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin an cheist a phlé leis an rang iomlán.

**Áine Lally**

Cúrsaí leadóige ar dtús agus tá Aire Inimirce na hAstráile i mbun machnaimh faoi láthair faoinar cheart víosa Novak Djokovic a chur ar ceal arís, víosa a ceadaíodh dó roimhe seo. D'éirigh leis an réalta leadóige in achomharc cúirte a rinne sé in aghaidh chinneadh na n-údarás cead isteach san Astráil a dhiúltú dó.

Bhí casadh eile i scéal Novak Djokovic inniu. Fiú sular thosaigh éisteacht chúirte na réalta leadóige in Melbourne, bhí na sluaite bailithe taobh amuigh den óstán ina raibh Djokovic coinnithe i gcoraintín le roinnt laethanta anuas. Bhí an Seirbiach den tuairim go raibh na páipéir chuí aige agus díolúine leighis faighte aige ó Rialtas na hAstráile, is é sin, go mbeadh vacsaín ag teastáil le dul isteach sa tír.

Inniu, rialaigh an breitheamh, Anthony Kelly, go raibh cinneadh Rialtas na hAstráile, víosa Djokovic a tharraing siar, míréasúnach[1]. Is é Novak Djokovic atá rangaithe ar an imreoir leadóige is fearr ar domhan agus cuireadh na húdaráis san Astráil ar an eolas roimhe seo go raibh COVID-19 air faoi dhó agus nach raibh an vacsaín faighte aige.

Tar éis chinneadh na cúirte ar an achomharc in Melbourne inniu, socraíodh go scaoilfí saor an t-imreoir leadóige agus go dtabharfaí a phas ar ais dó. Bhí sé ina cheiliúradh i measc lucht tacaíochta Djokovic taobh amuigh de Theach na Cúirte.

Bhí na radharcanna seo le feiceáil ar shráideanna Melbourne amach sa tráthnóna. Idir an dá linn, bhí Djokovic ar ais i mbun cleachta inniu agus deir sé go bhfuil sé ag súil le Craobhchomórtas Oscailte na hAstráile an tseachtain seo chugainn.

[1] *míréasúnta / neamhréasúnach* na leaganacha caighdeánacha